C/2025/4666

18.8.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12071 — AGRANA / AUSTRIA JUICE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4666)

1. An 8 Lúnasa 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AGRANA Beteiligungs-AG ('AGRANA', an Ostair),

— AUSTRIA JUICE GmbH ('AUSTRIA JUICE', an Ostair).

Gheobhaidh AGRANA rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AUSTRIA JUICE ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is próiseálaí domhanda amhábhar talmhaíochta é AGRANA, agus tá sé struchtúrtha i dtrí rannán oibríochtúla: siúcra, stáirse agus torthaí. Tá grúpa AGRANA gníomhach ar fud an domhain ar gach mór-roinn. Oibríonn rannán torthaí AGRANA líonra domhanda láithreán táirgthe san Eoraip, i Meiriceá, san Afraic, san Áise agus san Astráil,

— Is táirgeoir agus athdhíoltóir tiúchán sú ó úlla, torthaí dearga agus caora í AUSTRIA JUICE, mar aon le comhdhúile agus blasanna deochanna. Oibríonn AUSTRIA JUICE 13 láithreán táirgthe atá lonnaithe san Eoraip agus sa tSín agus díolann sé a chuid táirgí ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12071 — AGRANA / AUSTRIA JUICE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË